Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Eanáir 2020**
**(OR. en)**

**5428/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0266(NLE)**

**SCH-EVAL 7**
**SIRIS 8**
**COMIX 25**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Eanáir 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15252/19 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar an **bPolainn** maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse **Chóras Faisnéise Schengen** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar an bPolainn maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Eanáir 2020.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar an bPolainn maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é cuspóir an Chinnidh seo a mholadh don Pholainn gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen (CFS) sa bhliain 2019. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 6100 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Mheas an fhoireann ar an láthair gur dea-chleachtais iad seo a leanas: an uirlis tuairiscithe cáilíochta sonraí a úsáidtear chun foláirimh ina bhfuil saincheisteanna cáilíochta sonraí a bhrath, an uirlis chumarsáide lena gcumasaítear scáthánú a dhéanamh láithreach ar fhaisnéis ón gcéad líne ar leibhéal rialaithe teorann na dara líne, an fhoirm tuairiscithe struchtúrtha a úsáideann oifigigh rialaithe teorann na chéad líne, tuairisciú uathoibríoch na n-amas uile ar fholáirimh CFS chuig oifigeach an gharda teorann sa Bhiúró SIRENE trí bhíthin an fheidhmchláir rialaithe teorann agus úsáid fhorleathan gléasanna soghluaiste le haghaidh seiceálacha i mbunachair náisiúnta agus in CFS.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(3) Go dtí seo, níor chuir an Pholainn na moltaí uile chun feidhme a bhí sa tuarascáil mheastóireachta roimhe seo (15108/15 [SCH-EVAL 58, SIRIS 95, COMIX 671], dar dáta 7 Nollaig 2015). I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe an oibleagáid an fhaisnéis uile sna foláirimh a chur ar taispeáint, riachtanais chuardaigh sna córais náisiúnta agus in CFS a ailíniú, grianghraif agus méarloirg a cheangal le foláirimh CFS aon uair a mbeidh siad ar fáil agus na sonraí pearsanta a choinníonn an Biúró SIRENE i gcomhaid a scriosadh bliain, ar a dhéanaí, tar éis scriosadh an fholáirimh ghaolmhair, ba cheart tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1 go 7.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí na mBallstát. Laistigh de thrí mhí ó dháta a ghlactha, ba cheart don Pholainn, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú lena liostaítear na moltaí uile lena leigheastar aon easnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle,

MOLANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

Ba cheart don Pholainn

(1) nósanna imeachta a thabhairt isteach nó uirlisí teicniúla a chur chun feidhme lena áirithiú go gceanglóidh úsáideoirí ag Oifig na nEachtrannach méarloirg le foláirimh CFS nuair atá siad ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 20 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006[1] agus de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle[2];

(2) nósanna imeachta a thabhairt isteach lena áirithiú go gceanglaítear grianghraif agus méarloirg le foláirimh Airteagal 34 i gcomhréir le hAirteagal 20 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 381, 28.12.2006, lch. 4).

[2] Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 205, 7.8.2006, lch. 63).

(3) úsáideoirí deiridh a chumasú chun iarratas a dhéanamh sna feidhmchláir SWD agus SPP (a úsáideann na hoifigigh phóilíneachta sa Pholainn chun CFS a rochtain) gan ach sloinne an ábhair a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le Cinneadh 2007/533/CGB agus na prótacail agus na nósanna imeachta teicniúla arna mbunú d'fhonn comhréireacht N-CFS II a áirithiú;

(4) nós imeachta nó uirlis theicniúil a bhunú laistigh den Bhiúró SIRENE Polannach le haghaidh scriosadh córasach faisnéise breise aon bhliain amháin ar a dhéanaí tar éis scriosadh an fholáirimh ábhartha, i gcomhréir le forálacha Airteagal 38 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Airteagal 53 de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

(5) aon ghrianghraif atá ceangailte le foláirimh CFS a chur ar taispeáint d'úsáideoirí an fheidhmchláir Pobyt 2 (a úsáidtear in Oifig na nEachtrannach chun foláirimh CFS a cheadú) i gcomhréir le hAirteagal 3(a) agus 3(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

(6) sonraí doiciméid an íospartaigh sna cásanna mí-úsáide aitheantais a chur ar taispeáint san fheidhmchlár soghluaiste SPP, i gcomhréir le hAirteagal 3(a) agus 3(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

(7) sonraí doiciméid an íospartaigh sna cásanna mí-úsáide aitheantais a chur ar taispeáint san fheidhmchlár soghluaiste SWD a úsáideann an Phóilíneacht, i gcomhréir le hAirteagal 3(a) agus 3(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus le Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

(8) an rochtain ar shonraí CFS atá ag líon mór údarás sa Pholainn a athmheas, i bhfianaise a gcuid cúraimí agus nach ndearna cuid acu aon chuardaigh in CFS le blianta beaga anuas;

(9) nascadh idir foláirimh Airteagal 26 maidir le gabháil chun tabhairt suas agus foláirimh Airteagal 34 maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun cabhrú le nósanna imeachta breithiúnacha a éascú;

(10) malartú na bhfoirmeacha amais náisiúnta le haghaidh amais CFS a thuairisciú atá ar fáil cheana féin do gach úsáideoir deiridh póilíneachta a uathoibriú agus a éascú; Ba cheart don Pholainn a mheas an gá fós d'oifigigh (dhualgais) shinsearacha na foirmeacha sin a phriontáil agus a shíniú sula gcuirtear chuig an mBiúró SIRENE iad;

(11) a áirithiú go gcuirtear an pictiúr ar taispeáint sna feidhmchláir SPP agus SWD agus san fheidhmchlár soghluaiste SPP ar bhealach a cheadóidh don úsáideoir deiridh an duine is ábhar don fholáireamh a aithint;

(12) a áirithiú gur féidir le húsáideoirí deiridh an foláireamh nasctha a rochtain go díreach trí hipearnasc gan gá a bheith leis an bhfaisnéis a chóipeáil agus cuardach eile a dhéanamh chun an foláireamh nasctha a aisghabháil;

(13) feidhmchláir níos soláimhsithe a dhéanamh as na feidhmchláir SPP agus SWD, tríd an méid atá ar taispeáint sa dá chóras sin a ailíniú agus trí fheabhas a chur ar inseoltacht na sonraí a chuirtear ar taispeáint sna córais sin, ionas gur fusa don úsáideoir deiridh sonraí bunriachtanacha an fholáirimh a fháil;

(14) aga freagartha an fheidhmchláir SWD a laghdú;

(15) infhaighteacht an bharántais ghabhála Eorpaigh agus na méarlorg san fheidhmchlár SWD a úsáideann an Phóilíneacht a léiriú;

(16) na ‘marcóirí foláirimh’ san fheidhmchlár SWD a chur ar taispeáint ar an gcéad fhuinneog i measc na faisnéise faoin liosta amas;

(17) an rogha chuardaigh ‘aon líon’ a chur chun feidhme san fheidhmchlár SPP agus úsáideoirí deiridh a shaoradh ón ngá catagóir chuardaigh an réada a roghnú gach uair a ndéanann siad iarratas;

(18) a cheadú d’úsáideoirí deiridh uimhir aitheantais feithicle a iarraidh le haon líon digití atá ar fáil tríd an bhfeidhmchlár soghluaiste SPP;

(19) an riaráiste cásanna sa Bhiúró SIRENE a laghdú;

(20) rochtain dhíreach ar CFS a thabhairt d’oifigigh chustaim ag pointí trasnaithe teorann;

(21) oiliúint bhreise a eagrú d’oifigigh chustaim ar nósanna imeachta a bhaineann le CFS;

(22) oiliúint bhreise a eagrú do ghardaí teorann ar an bhfeidhmiúlacht nasctha in CFS;

(23) breathnú ar an gcóras uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR) a cheangal le CFS;

(24) aon chórais oibriúcháin atá as dáta ach atá suiteáilte fós i stáisiúin oibre sna stáisiúin phóilíneachta a uasghrádú;

(25) an plean leanúnachais maidir le N.CFS a nuashonrú;

(26) a áirithiú go gcuirtear ar taispeáint na céannachtaí uile a áirítear san fholáireamh sna feidhmchláir SWD agus SPP.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*